Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway
Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh
College of Arts, Social Sciences & Celtic Studies

# *Léann na Cumarsáide*



*OllscoilnaGaillimhe.ie*

# Imlíne an Ábhair

## Bliain a hAon

- Scéalaíocht Dhigiteach
- Machnamh Criticiúil agus Láithreoireacht
- Bunús na hIriseoireachta
- Na Meáin agus an tSochaí

## Bliain a Dó

- Dearadh Físe
- Teicneolaíochtaí na Meán
- Anailís na Meán
- Craoltóireacht
- Dlí, Eiticí agus an Córas Poiblí
- An Gné-Alt

## Bliain a Trí

- Lucht Féachana na Meán
- Dúshláin na Meán Sóisialta
- Scriptscríobh
- Iriseoireacht Fheidhmeach
- Geilleagar na Meán
- Tionscadal Deiridh Céime

## Bliain a hAon

Sa chéad bhliain faigheann tú tuiscint ar an léiriú físe agus fuaime trí ghearrfhíseáin a thaifeadadh ar an bhfón cliste, eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus gnéithe den chraoltóireacht raidió a fhiosrú. Foghlaimíonn tú bunphrionsabail na hiriseoireachta, tugtar cúnamh duit féith na cruthaitheachta a fhorbairt ar bhealaí éagsúla, agus scrúdaíonn tú cuid de na teicneolaíochtaí úra cumarsáide. Forbraíonn tú do chumas anailíse agus machnaimh agus an litearthacht chriticiúil trí staidéar a dhéanamh ar théacsanna ábhartha, forbraíonn tú do chuid scileanna cur i láthair trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireachtaí bríomhara.

- Leanann tú modúil éagsúla ar na téamaí seo a leanas: an Scéalaíocht Dhigiteach;; an Teanga Bheo; Cleachtas Léirithe na Meán; Scileanna Craoltóireachta agus Córais Ríomhaireachta na Meán.
- Faoi mar a tharlaíonn i gcláir léinn eile sna Dána, sa chéad bhliain déanann tú staidéar ar thrí ábhar léinn. Chomh maith le Léann na Cumarsáide moltar duit Gaeilge a roghnú. Roghnóidh tú ábhar amháin eile as na cinn seo a leanas: Léann an Aistriúcháin, Fraincis, Béarla, Stair, Matamaitic, Léann an Dlí, Síceolaíocht, an tSibhialtacht Cheilteach, Eacnamaíocht, Léann na Socheolaíochta agus na Polaitíochta, Teicneolaíocht na Faisnéise, an Bhreatnais, Spáinnis, Seandálaíocht. Moltar duit Léann an Aistriúcháin a roghnú chun cur le do chumas teanga.

## Bliain a Dó

Sa dara bliain cuireann tú le do chuid scileanna san iriseoireacht chraolta agus scríofa, scrúdaíonn tú tionchar na meán mar uirlisí múnlaithe meoin. Cuireann tú leis an tuiscint atá agat ar an íomhá shocair agus ar an íomhá ghluaisteach, ar 'ghramadach na seatanna' agus ar 'ghramadach na heagarthóireachta', agus forbraíonn tú do chuid scileanna i réimse na teicneolaíochta faisnéise.
Leanann tú modúil éagsúla ar na téamaí seo a leanas: Dearadh Físe; Iriseoireacht Chraolta; Anailís na Meán; Craoltóireacht; Stair na Meán Gaeilge agus an Gné-Alt.

## Bliain a Trí

I mbliain deiridh na céime faigheann tú oiliúint phraiticiúil ar nuatheicneolaíochtaí cumarsáide a bhaineann leis na meáin, déanann tú staidéar ar ghnéithe éagsúla de na meáin, an iriseoireacht san áireamh, agus cuireann tú mórthionscadal deiridh céime i gcrích.
Leanann tú modúil éagsúla ar na téamaí seo a leanas: Léiriú Físe; na Meáin i bPobail Mhionlaithe; Nuatheicneolaíocht Fheidhmeach; Iriseoireacht Fheidhmeach; Geilleagar na Meán nó an Lucht Féachana agus Tionscadal Deiridh Céime.

## Tuilleadh Eolais:

r. cumarsaid@ollscoilnagaillimhe.ie

https://acadamh.ie/acadamh/cursai/cursai_ceime/leann_cumarsaide/#course_overview